IONSTRAIMÍ REACHTÚLA

I.R.Uimh. 389 de 2009

_____

An tORDÚ um ÚDARÁS CRAOLACHÁIN na hÉIREANN (LÁ a BHUNAITHE) 2009

(Prn. A9/1337)

I.R. Uimh. 389 de 2009

An tORDÚ um ÚDARÁS CRAOLACHÁIN na hÉIREANN (LÁ a BHUNAITHE) 2009

I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a bheirtear dom ag Alt 5 den Acht Craolachán 2009 (Uimh. 18 de 2009), ORDAÍMSE, ÉAMONN Ó RIAIN, an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, leis seo mar a leanas:

1. An tOrdú um Údarás Craolacháin na hÉireann (Lá a Bhunaithe) 2009 is teideal don Ordú seo.

2. Is é an 1 Deireadh Fómhair 2009 an lá a ainmnítear mar Lá Bunaithe chun críocha Chuid 2, Alt 49 agus Alt 157 agus Chuid 12 den Acht Craolachán 2009 (Uimh. 18 de 2009).

TUGTHA faoi mo Shéala Oifigiúil,

an 24 Meán Fómhair 2009.

ÉAMONN Ó RIAIN,

Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha.

NÓTA MÍNIÚCHÁIN

(*Ní chuid den Ionstraim an nóta seo agus ní hairbheartaítear gur léirmhíniú dlíthiúil é.)*

Cuireann an tOrdú seo Cuid 2, Alt 49 agus Alt 157, agus Cuid 12 den Acht Craolachán 2009 chun feidhme.

Bunaítear Údarás Craolacháin na hÉireann ag Cuid 2 den Acht.

Foráiltear le hAlt 49 go bhfuil ar Údarás Craolacháin na hÉireann, laistigh de 6 mhí ó dhéanamh na hOrduithe seo, scéim a ullmhú um cheart freagartha a fheidhmiú ag daoine dár ndéanadh dochar dá n-oineach nó dá ndea-chlú de bharr fíorais neamhchruinne ná eolas neamhchruinn a dhearbhú i gcraoladh.

Foráiltear le hAlt 157 go mbunófar ciste agus go gcoinneofar é ar siúil fá choinne airgeadra a íocfar le hÚdarás Craolacháin na hÉireann nó a chaithfidh sé de bhun Chuid 10 den Acht (an Ciste Craolacháin).

Foráiltear le Cuid 12 do dhíscaoileadh Choimisiún Craolacháin na hÉireann agus don Choimisiúin um Ghearáin Chraolacháin agus do infheistú a gcuid somhaointe, cearta, dualgais agus domhaointe siúd in Údarás Craolacháin na hÉireann.